An Folúsghlantóir

I dtír i bhfad i gcéin,
A mhair folúsghlantóir.
In árasán breá nua,
I lár an bhaile mhóir.

"Coinnigh an áit seo glan!
Beidh mé ar ais ar a trí !"
"Ní chluinim faic," arsa an folúsghlantóir,
"Ach gearáin ó bhean an tí !"

Níor thaitin an baile mór leis.
Níor thaitin leis an brú.
Tharraing sé é féin den bhalla.
"Tá mé ar shiúil chun éalú!"

D'éitil sé suas suas!
Chonaic sé na réalta go léir.
Shlog sé siar an ghealach,
Agus gach rud eile sa spéir.